

Ráiteas Scríofa na Mí Thoir – Baile an Bhiataigh - An Inse - Baile Uí Mhornáin Thoir - Domhnach Cairnigh - Baile Uí Mhornáin

1.0 Réamhrá

Tabharfaidh an ráiteas scríofa seo forbhreathnú ar an straitéis forbartha don Mhí Thoir. Ullmhófar Plean Ceantair Áitiúil mionsonraithe don cheantar le linn saolré an Phlean seo.

Tá ceantar na Mí Thoir déanta suas de Bhaile an Bhiataigh - An Inse - Baile Uí Mhornáin Thoir agus Domhnach Cairnigh Baile Uí Mhornáin. Bhí siad sin ainmnithe mar aon lonnaíocht amháin ‘An Inse-Bhaile an Bhiataigh-Baile Uí Mhornáin Thoir-Domhnach Cairnigh’ sa daonáireamh. Éillíonn an t-ainmniú go huathoibríoch go n-ullmhófaí Plean Ceantair Áitiúil don bhaile daonáireamh seo.¹

2.0 Comhthéacs/Nádúr an Bhaile

Tá fás suntasach daonra agus teaghlach feicthe ag ceantar na Mí Thoir le fiche bliain anuas. Tá roinnt factóirí ag tiomáint an fháis seo ar a n-áirítear an láthair tarraingteach ar an gcósta agus an síneadh breá trá, láthair na lonnaíochtaí ar fhad líne iarnróid comaitéara, agus chomh gar is atá na lonnaíochtaí do Bhaile Átha Cliath, do Dhroichead Átha, don M1 agus d'Aerfort Bhaile Átha Cliath. Tá forbairt tagtha ar an gceantar mar lonnaíocht chomaitéara, agus tá fás ag teacht ar an daonra cé nach bhfuil aon fhás suntasach ag teacht ar fhostaíocht. Tá teip mar an gcéanna ar bhonneagar sóisialta agus pobail coinneáil suas leis an bhfás mear ar an daonra.

Tá Baile Uí Mhornáin Thoir ar an gcuid is faide ó thuaidh den Mhí Thoir agus tá sé déanta suas de chnuasach d'fhorbairtí cónaithe a bhfuil rochtain orthu ó Bhóthar an Chósta agus ó Bhóthar Garra. Is ceantar cónaithe bunaithe é seo agus tá an méid forbartha nua atá air le blianta gairide teoranta.

Is é Baile an Bhiataigh an príomhláthair a bhfuil an fás is déanaí ann sa Mhí Thoir áit ar tugadh roinnt forbairtí cónaitheacha chun críche le gairid nó atá gar do bheith críochnaithe. Tá Baile an Bhiataigh suite i láthair lárnach sa Mhí Thoir idir Baile Uí Mhornáin Thoir agus An Inse. Chomh maith le talamhúsáidí cónaithe, is é Baile an Bhiataigh an príomhcheantar siopadóireachta sa Mhí Thoir. Is thar na deich mbliana seo caite a tógadh forbairt Lárionaid Bhaile an Bhiataigh. Níl sé críochnaithe go hiomlán agus níl sé ag déanamh chomh maith agus ba cheart dó mar Lárionad Baile faoi láthair. Tá sé seo léirithe ag na leibhéil arda folúntas sa bhforbairt.

Tá An Inse suite ó dheas de Bhaile an Bhiataigh agus tá sé déanta suas de chnuasach d'fhorbairtí cónaithe agus tá líon beag siopaí ann chun freastal ar mhuintir na háite. Táthar ag tógáil stór bia de chuid Aldi san Inse faoi láthair. Tá Stáisiún Traenach na hInse suite ar imeall theas na lonnaíochta.

¹ [Mar atá leagtha amach in Alt 19\(1\)\(b\) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 \(arna leasú\)](#)

Is sráidbhaile é Domhnach Cairnigh - Baile Uí Mhornáin a bhfuil raon teoranta seirbhísí ann agus tá sé suite idir Baile an Bhiataigh - An Inse - Baile Uí Mhornáin Thoir agus Droichead Átha. Tá nádúr cónaitheach ag an gceantar.

Áit san Ordlathas Ionnaíochta	Baile Féinchothaithe	
Daonra	11,872 in 2016 10,889 in 2011	Athrú céatadáin 2011-2016 +8.6%
Réamh-mheastachán Daonra 2026	13,372	
Leithdháileadh Teaghlaigh faoin gCroístraitéis 2020-2026	746	
Aonaid a ghealltar nár tógadh fós	518	
Dlús molta forbairtí amach anseo	25-35 aonad/ha	
Oibríthe Cónaithe	4,712	
Iomlán Post	772	
Post:Cóimheas Lucht Saothair	0.16	
Áiseanna Oideachais	13 Áis Réamhscoile, 2 Bhunscoil, Scoil Iar-bhunscoile amháin	
Saoráidí Pobail	Club Leadóige, Conair, Páirceanna Sacair (East Meath Utd & Laytown Utd), Halla Paróiste Pobail, Cur agus Caitheamh, Clós Súgartha, Club Gailf, Ráschúrsa, Páirceanna CLG, Comhar Creidmheasa, Stáisiún na nGardaí na hInse, Ionad Sláinte na hInse, Séipéal, Oifig Poist (An Inse & Baile an Bhiataigh).	
Limistéir Chaomhantais Ailtireachta	Limistéar Caomhantais Ailtireachta na hInse. Níl aon Limistéar Caomhantais Ailtireachta i mBaile an Bhiataigh ná i mBaile Uí Mhornáin Thoir.	
Déanmhais Chosanta	Tá deich gcinn fhichead de struchtúir chosanta uimhrithe i gceantar na Mí Thoir.	
Seirbhísí -Seirbhísí & Acmhainní Uisce agus Fuíolluisce	Tá an soláthar uisce do Bhaile Uí Mhornáin Thoir, Baile an Bhiataigh agus An Inse ag acmhainn teoranta faoi láthair agus déanann scéim uisce na Mí Thoir/Ionad Cóireála Uisce Staleen seirbhísíú air. Tá WWTP Dhroichead Átha ag seirbhísíú an cheantair agus tá teorainn lena acmhainn oibre faoi láthair.	
Measúnú Straitéiseach Baol Tuile	Measúnú Straitéiseach ar Bhaol Tuile de dhíth. Aithníodh Crios Bhaol Tuile A & B sa bhaile agus limistéir faoi réir bhaol tuile ó Abhainn an Mhóinéir Leathain.	

Láithreáin Natura 2000	Tá roinnt láithreán Natura 2000 laistigh de theorainn an phlean. Limistéir faoi Chosaint Speisialta - SPA Inbhear na Bóinne (004080) suite ó thuaidh agus taobh thoir de Bhaile Uí Mhornáin Thoir. Inbhear Abhainn na hAiní agus Cladach SPA (004158) suite taobh thiar, ó dheas agus taobh thoir den Inse. Limistéir faoi Rialacháin Speisialta - Cósta agus Inbhear na Bóinne SAC (001957) suite taobh thoir agus soir ó thuaidh de Bhaile Uí Mhornáin Thoir agus de Bhaile an Bhiataigh. SAC Abhainn na Bóinne agus na hAbhann Duibhe (002299) suite taobh thiar agus siar ó thuaidh de Bhaile Uí Mhornáin Thoir.
-------------------------------	--

3.0 Fís

Cuireann an fhís straitéiseach taca faoin gcur chuige agus tugann sí treoir d'fhorbairt amach anseo ar Oirthear na Mí ar dhóigh inbhuanaithe ar bhealach a léiríonn nádúr agus aiseanna reatha an cheantair agus a chuireann feabhas ar an gcaighdeán maireachtála do phobal an lae inniu agus don phobal amach anseo. Féachtar leis an bhfís:

‘Tacaíocht agus spreagadh a thabhairt do chomhdhlúthú lonnaíochtaí na Mí Thoir agus ceangal níos mó a éascú idir na lonnaíochtaí agus tacú freisin le soláthar ar bhonneagar agus feabhsúcháin bhreise sóisialta agus pobail don timpeallacht uirbeach, agus ag an am céanna earnáil na turasóireachta a chosaint agus a chur chun cinn agus ról agus feidhm lárionad Bhaile an Bhiataigh a bhfuil sainmhíniú as an nua air, a atreisiú’.

4.0 Straitéis Fhorbartha

Is í an tosaíocht atá ann don Mhí Thoir ná díriú ar fheabhsúcháin i seirbhísí, in áiseanna agus i mbonneagar a dhéanfaidh freastal ar riachtanais an daonra atá ag méadú go mear agus cabhrú le pobal níos cothroime agus níos inbhuanaithe a chruthú. Díreoidh fás cónaithe sa cheantar uile ar chomhdhlúthú agus ar fhorbairtí atá ag leanúint ar aghaidh a thabhairt chun críche chun deis a thabhairt don bhonneagar sóisialta agus pobail a bhaineann leis breith suas.

Aithnítear go bhfuil na leibhéal arda folúntas agus na foirgnimh nach bhfuil tugtha chun críche sa bhforbairt i Lárionad an Bhaile ag baint ón tírdhreach áitiúil agus ón timpeallacht uirbeach, rud atá díobhálach de shuíomh cósta na lonnaíochta. Tacóidh an Chomhairle dá bhrí sin leis an fhorbairt seo a thabhairt chun críche trína chur chun cinn mar phríomhláthair d'fhorbairt tráchtála agus miondíola sa cheantar.

Tá leibhéal ard folúntais feadh Bhóthar an Chósta chomh maith le Lár an Bhaile. Tacóidh an plean seo, mar chuid den Straitéis Bainistíochta ar Thalamh Gníomhaigh le hathnuachan a dhéanamh ar shuíomh atá folamh nó nach bhfuil dóthain úsáide á bhaint astu i gcroí uirbeach an bhaile.

Mar aitheantas ar na leibhéal arda folúntas i Lár an Bhaile agus na riachtanais spáis urláir miondíola atá tuartha don cheantar mar atá leagtha amach sa Straitéis Miondíola (c.1,000-1450m² áise agus 400-500m² de spás urláir comparáide), measadh go raibh an iomarca tailte criosaithe d'úsáidí

lárionaid an bhaile don cheantar. Tá athchriosú déanta ar na tailte ó dheas de Lár an Bhaile mar sin d'Úsáidí Measctha. Dhéanfaidh an criosú seo éascaíocht ar úsáidí tráchtála, fostaíochta agus cónaithe a chur ar fáil ar an láthair seo, rud a chuirfeadh le Lár an Bhaile agus chinnteodh sé go mbeadh meascán oiriúnach d'úsáidí cónaithe agus tráchtála i gcroí uirbeach an bhaile.

Priomhghné den Straitéis forbartha don cheantar é feabhsúcháin a chur ar an tsráid-dhreach uirbeach agus ar an timpeallacht, rud a chruthóidh meas níos mó ar an áit agus a dhéanfaidh an ceantar níos tarraingtí d'infheistíocht. Déanfar é sin a sheachadadh trí Phlean Réimse Poiblí do Bhaile an Bhiataigh-An Inse.

Bhí an líonra bóthair atá ann ag streachailt le freastal ar na gluaiseachtaí tráchta breise a bhain leis an bhfás ar an daonra le deich mbliana anuas. Chuirfeadh tógáil an bhóthair dhromlaigh thuaidh-theas ag ceangal an R150 ag Scoil an Spioraíd Naoimh le timpeallán Bhóthar Eastham feabhas suntasach ar gluaiseachtaí feithicle agus is tosaíocht bhonneagair é sa Phlean seo.

4.1 Bonneagar Sóisialta agus Feabhsúcháin Timpeallachta

Cheannaigh an Chomhairle foirgnimh le gairid ar an mbealach isteach chuig an trá mar aitheantas ar an tábhacht atá leis an trá do chónaitheoirí agus do chuariteoirí chomh maith le chéile agus forbrófar iad mar fhoirgneamh bainistíochta/seirbhíse trá. Beidh dearadh ardchaighdeáin ar an bhfoirgneamh agus cuirfidh sé le sráid-dhreach tarraingteach a chruthú ar feadh an chladaigh.

Sócmhainn thábhachtach pobail eile atá faoin gComhairle a chur ar fail ná leabharlann poiblí. Táthar ag leanúint le láthair oiriúnach a aithint i gcomhair áis leabharlainne nua-aimseartha.

Táthar ag Ullmhú Plean Réimse Poiblí do Bhaile an Bhiataigh-An Inse freisin. Is é an cuspóir atá leis an bplean seo ná feabhas a chur ar spásanna uirbeacha, níos mó tosaíochta a thabhairt do shiúl agus do rothaíocht, laghdú a chur ar cheannas an chairr, timpeallacht níos tarraingtí a chruthú chun daoine a spreagadh le teacht isteach go lár an bhaile agus níos mó ómóis a chothú don áit.

Féachann an Plean Réimse Poiblí freisin leis an bhforbairt i Lár an Bhaile a bhfuil forbairt déanta ar chuid de a chomhtháthú le lár stairiúil Bhaile an Bhiataigh. Tá roinnt aonad folmha faoi láthair i bhforbairt Lár an Bhaile agus tá Óstan Chúirt Bhaile an Bhiataigh, a bhí mar chuid den fhorbairt, dúnta ó 2011. Tá an t-easpa gníomhaíochta sa chuid seo den bhaile ag baint ón tsráid-dhreach agus ó bheogacht an chroí uirbigh. Fuair Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE) ceadúnas pleanála chun ionad príomhchúraim a shocrú ar na hurláir uachtaraigh sa bhfoirgneamh atá ann, agus má cuirtear é seo i bhfeidhm cuirfidh sé méadú ar líon na gcoisithe agus na himeachta sa cheantar. Is tosaíocht é an láthair seo do lár an bhaile/i gcomhair fhorbairt tráchtála le húsáid mheasctha nó a chuirfeadh uasmhéadú ar láthair lárnaigh na dtailte.

Tá píosa talún ó dheas de Lár Bhaile an Bhiataigh atá aitheanta mar Spás Oscailte. Tá na tailte sin i bhfoisceacht fad siúil de chroí uirbeach an bhaile agus bheadh an acmhainn ann le haghaidh club spóirt áitiúil a shocrú suas. Thacódh an Plean seo le na tailte sin a fhorbairt mar áis spóirt mar chuid den straitéis le feabhas a chur ar áiseanna sa cheantar.

4.2 Fostaíocht

Tá bonn fostaíochta lag ag na lonnaíochtaí de bharr go rabhthas ag leathnú lonnaíochtaí gan aon fhorbairt ghiniúna fostaíochta a bheith ann. In 2016 ba é: Cóimheas an lucht saothair sa Mhí Thoir ná 0.16, an cóimheas ba lú a taifeadadh sa Chontae. Mar gheall ar a ghaire is atá an limistéar do Dhroichead Átha agus do Bhaile Átha Cliath, ba dhúshlán é fostóir mór a tharraingt ach tá deiseanna ann chun fiontair bheaga-mheánmhéide a tharraingt a d'fhéadfadh leas a bhaint as an bhfórsa oibre oilte agus as an gceangaltas a sholáthraíonn an limistéar chuig Baile Átha Cliath agus Droichead Átha. Bheadh fostaíocht mar sin sár-riachtanach chun an cóimheas post a fheabhsú agus lonnaíocht níos inbhuanaithe a chruthú agus rátaí suntasacha na comaitéireachta amach atá ag tarlú sa cheantar a iompú droim ar ais.

Tá suíomh fostaíochta straitéisí aitheanta ar na tailte in aice leis an stáisiún traenach san Inse chun na críche sin. Beidh áis pháirceála agus taistil mar chuid den fhorbairt ar na tailte sin sa todhchaí. Cuirfidh ainmiú shuíomh fostaíochta straitéisí ar chumas Fhoireann Forbartha Eacnamaíche na Comhairle straitéis mhargaíochta shuntasach a sheoladh.

4.3 Gluaiseacht agus Nascacht

Tá brú suntasach curtha ag an méadú atá tagtha ar dhaonra na Mí Thoir le 20 bliain ar an mbonneagar iompair atá sa cheantar. Tá sé molta go ndéanfaí Staidéar Iompair don Mhí Thoir agus do Dheisceart Dhroichead Átha ionas go gcinnteofar go dtabharfar cur chuige iomlánaíoch d'fhás an cheantair amach anseo agus chun an infheistíocht bhonneagair a bhfuil gá léi a aithint chun an ghluaiseacht is éifeachtaí a chinntiú do dhaoine, d'fheithiclí agus d'earraí timpeall na Mí Thoir. Dhéanfaí é seo i gcomhairle leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus le Comhairle Contae Lú.

Is príomhphíosa bonneagair é tógáil an bhóthair dhromlaigh thuaidh-theas ag ceangal an R150 ag Scoil an Spioraid Naoimh le timpeallán Bhóthar Eastham a chuirfidh feabhas suntasach ar ghluaiseachtaí feithicle sa cheantar. Nuair a bheidh an bóthar seo críochnaithe laghdóidh sé an brú tráchta ar Bhóthar an Chósta agus cuirfidh sé feabhas ar ghluaiseachtaí tráchta i lár an bhaile. Cuirfidh sé deiseanna ar fáil freisin chun feabhas a chur ar bhonneagar agus ar nascacht choisí agus rothaíochta sa cheantar agus cuirfidh sé rochtain ar fáil do thailte atá suite go lárnach agus atá críosaithe do lár an bhaile agus i gcomhair úsáidí fóillíochta.

Tacóidh an Chomhairle le feabhsúcháin ar an líonra coisí agus rothaíochta sa cheantar agus déanfaidh sí éascaíocht orthu, mar chuid de straitéis iompair inbhuanaithe an Phlean seo chun go mbeidh na modhanna iompair sin mar mhalairt inmharthana don charr.

Cé go ndéanann seirbhís bus agus iarnróid comaitéara freastal maith ar an gceantar, ní mór feabhas a chur ar na ceangail idir ceantair cónaithe agus Stáisiún Traenach na hInse. Tá tailte aitheanta mar sin i gcomhair áis Pháirceála agus Taistil in aice le Stáisiún Traenach na hInse. Dá gcuirfí an áis seo ar fáil spreagfadh sé daoine leis an tseirbhís iarnróid a úsáid agus chuirfeadh sé laghdú ar pháirceáil ar na sráideanna agus feabhas ar shruthanna agus ar chúrsaíocht tráchta in aice leis an stáisiún traenach. Aithníonn an Plean seo go bhféadfadh tionchar a bheith ag struchtúr praghais tháillí iarnróid, chomh maith le háiseanna páirceála ar rogha agus ar phatrúin taistil chomaitéirí. Tacaíonn

an Plean mar sin le hathbhreithniú a dhéanamh ar struchtúr praghais Chríos an Turais Ghearr agus molann sé Stáisiún Traenach na hInse a bheith mar chuid d'aon athbhreithniú a bheadh ag teacht.²

Chuirfeadh leictriú an líne bruachbhaile ó Mhullach Íde go Droichead Átha feabhas suntasach ar nascacht iarnróid sa Mhí Thoir, rud a chuirfeadh ardú ar mhinicíochtaí na seirbhísí agus ligfeadh sé le stáisiún traenach a thógáil freisin i mBaile an Bhiataigh mar chuid de na huasghráduithe sin. Ba mhór an buntáiste a bheadh ag an bpobal áitiúil dá mbeadh stáisiún traenach i mBaile an Bhiataigh. Chuirfeadh a ghaire do cheantair chónaithe feabhas ar rochtain ar sheirbhísí iarnróid do chomaitéirí agus spreagfadh sé modhanna níos inbhuanaithe iompair dá bharr sin. Tacaíonn an Plean seo le stáisiún traenach breise a chur ar fáil i mBaile an Bhiataigh.

4.4 Máistirphleananna

Tá na tailte atá aitheanta mar 'MP 1' i nDomhnach Cairnigh faoi úinéireacht Chomhairle Chontae na Mí. Tá sé mar chuspóir leis an bPlean seo na tailte sin a fhorbairt mar thailte d'úsáidí cónaithe agus pobail. Táthar ag súil gur féidir suas le 30 aonad tithíochta sóisialta a sholáthar ar na tailte sin chomh maith le páirceanna imeartha agus áiseanna a bhaineann leo. Éileofar Máistirphlean a ullmhú do na tailte sin sula gcuirfead isteach aon iarratas pleanála chun uasmhéid ceangail agus tréscailteachta a chinntiú idir na húsáidí sin.

5.0 Beartais agus Cuspóirí Forbartha Baile

Mar phointe soiléireachta tá na Beartais agus na Cuspóirí atá leagtha amach thíos anuas orthu siúd atá sa Ráiteas Scríofa in Imleabhar a hAon den Phlean Forbartha Contae. Chun an t-athrá a sheachaint, ní athluaitear Beartais agus Cuspóirí ach amháin má tá ábharthacht ar leith ag baint leo maidir leis an lonnaíocht. Ba cheart na Beartais agus na Cuspóirí seo a léamh mar sin in éineacht leis na Beartais agus na Cuspóirí agus na Caighdeáin Forbartha in Imleabhar a hAon den Phlean Forbartha Contae.

Beartas

Is é beartas na Comhairle:

BIMD BEA 1 Fás inbhuanaithe lonnaíochtaí na hInse-Bhaile an Bhiataigh-Bhaile Uí Mhornáin Thoir agus Dhomhnach Cairnigh-Baile Uí Mhornáin de chuid na Mí Thoir a chur chun cinn trí dhíriú ar chomhdhlúthú agus ar áiseanna breise fostaíochta agus pobail a chur ar fáil a chruthódh pobal níos cothroime agus níos inbhuanaithe.

Cuspóirí

Is é cuspóir de chuid na Comhairle:

² Féach sprioc GLU CUS 5 i gCaibidil 5 'Gluaiseacht' i gcomhair tuilleadh eolais

BIMD CUS1	Feidhmiúchán na Croístraitéise den Phlean Forbartha Contae a dhaingniú, chomh fada agus is féidir é, trína chinntiú nach sárófar an leithdháileadh teaghlaigh don Mhí Thoir ³ mar atá leagtha amach i dTábla 2.11 den Chroístraitéis.
BIMD CUS 2	Comhdhlúthú Bhaile an Bhiataigh-na hInse-Bhaile Uí Mhornáin Thoir agus Dhomhnach Cairnigh-Baile Uí Mhornáin a bhainistiú go cúramach chun comhtháthú na lonnaíochtaí a sheachaint.
BIMD CUS 3	Tacú le húsáid as an nua a bhaint as aon réadmhaoin nó talamh atá folamh nó iad a athbheochan trí bhainistíocht talún ghníomhach a dhéanamh.
BIMD CUS 4	Leanúint ag tacú leis an mBóthar Dromlaigh Thuaidh-Theas a sheachadadh chun Baile an Bhiataigh a cheangal leis An Inse.
BIMD CUS 5	Éascaíocht a dhéanamh ar áis nua pháirceála carranna a chur ar fáil ag Stáisiún Traenach na hInse i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus le hIarnród Éireann.
BIMD CUS 6	Éascaíocht a dhéanamh ar stáisiún traenach a chur ar fáil i mBaile an Bhiataigh mar chuid d'oibreacha leathnaithe an DART go Droichead Átha tríd an leictriú atá beartaithe ag Iarnród Éireann a dhéanamh ar iarnród an Tuaiscirt.
BIMD CUS 7	Tacú leis an ullmhúchán, i gcomhar le Comhairle Contae Lú, ar Staidéar Iompair a dhéanamh don Mhí Thoir agus do Dhroichead Átha Theas, a dhéanann measúnú ar acmhainn na mbóithre atá sa cheantar agus an bhonneagair siúil agus iompair phoiblí agus a aithníonn aon infheistíocht nár mhór a chur sa bhonneagar seo amach anseo chun fás agus forbairt inbhuanaithe an cheantair a chinntiú.
BIMD CUS 7	Straitéis an Réimse Poiblí a chur i bhfeidhm do Bhaile an Bhiataigh agus don Inse.
BIMD CUS 8	Tacú le foirgneamh ar ardchaighdeán ailtireachta i gcomhair áiseanna trá a dhearadh agus a thógáil ar an mbealach isteach go trá Bhaile an Bhiataigh rud a chuirfidh feabhas ar sholáthar áiseanna agus seirbhísí atá ar fáil ar an trá.
BIMD CUS 9	Tacú le leabharlann a chur ar fáil a dhéanfaidh freastal ar cheantar uile na Mí Thoir, faoi réir mhaoiniú a bheith ar fáil.
BIMD CUS 10	Soláthar a dhéanamh ar fhostaíocht tionscail, déantúsaíochta, dáileacháin, ollstórála, teicneolaíochta agus oifige bunaithe ar stíl campais ar an taobh thiar de stáisiún traenach na hInse. Déanfar forbairt ar mholtaí tionscnamh agus fostaíochta ag an am céanna le háiseanna páirceála agus taistil agus ar nascacht fheabhsaithe do choisithe idir an stáisiún traenach agus an lonnaíocht chónaithe níos faide ó thuaidh san Inse, é seo ar fad chun éascaíocht a dhéanamh ar phobal 'oibre beo' inbhuanaithe a fhorbairt.
BIMD CUS 11	Tacú le suíomh Láir Bhaile an Bhiataigh a thabhairt chun críche agus é a chur chun cinn mar an phríomh earnáil miondíola agus tráchtála sa cheantar, agus soláthar miondíola níos áitiúla ar scála oiriúnach i nDomhnach Cairnigh-Baile Uí Mhornáin agus An Inse.

³ Baile an Bhiataigh-An Inse-Baile Uí Mhornáin Thoir-Domhnach Cairnigh-Baile Uí Mhornáin

- BIMD CUS 12 Tacú le Plean Bainistíochta Trá na hInse, Bhaile an Bhiataigh agus Bhaile Uí Mhornáin agus na cuspóirí agus na moltaí atá ann a chur i bhfeidhm.
- BIMD CUS 13 Tacú le húsáidí cónaitheacha agus pobail a sheachadadh ar thailte an MP 1 i nDomhnach Cairnigh de réir riachtanais an Mháisitirphlean.
- BIMD CUS 14 Tacú le na tailte atá criosaithe F1 ‘Spás Oscailte’ ó dheas de lár Bhaile an Bhiataigh a fhorbairt mar áis spóirt.